



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2022
C(2022) 9284 final

Fógra ón gCoimisiún

**Treoir maidir le Comhroinnt Costais is Tairbhe i dTionscadail um Chomhar Fuinnimh
In-athnuaite**

FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN

Treoir maidir le Comhroinnt Costais is Tairbhe i dTionscadail um Chomhar Fuinnimh In-athnuaite

Clár na n-ábhar

1	Réamhrá	2
2	Gnéithe agus roghanna deartha comhair maidir le maoiniú	7
3	Anailís costais is tairbhe mar bhunús le comhroinnt costais is tairbhe	12
4	Cur chuige maidir le comhroinnt Costais is Tairbhe.....	14
	Prionsabail na comhroinnte costais is tairbhe	14
	Cur chun feidhme praiticiúil na comhroinnte costais is tairbhe	17
	Samplaí den chomhar	23
5	Achoimre ar mholtaí le haghaidh CBA agus comhroinnt costais agus	
tairbhe	29	
6	Teimpléad do Chomhaontú Idir-rialtasach	32
7	Iarscríbhinn	35

1 RÉAMHRÁ

Féachtar leis an treoir reatha le tacú leis na Ballstáit atá sásta dul i mbun tionscadail comhair trasteorann i réimse ghiniúint an fhuinnimh inathnuaite d'fhonn teacht ar réiteach a rachaidh chun tairbhe do gach páirtí maidir leis na costais agus na tairbhí gaolmhara a roinnt. Leagtaramach inti na roghanna deartha maidir le comhroinnt costais is tairbhe i dtionscadail fuinnimh inathnuaite trasteorann agus soláthraítear moltaí agus dea-chleachtais inti, agus solúbthacht na mBallstát á héascú¹. Féadfar an treoir a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs thréimhse na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) maidir le tionscadail trasteorann i réimse an fhuinnimh inathnuaite, agus maidir le tionscadail inathnuaite (RES) ag úsáid sásraí comhair ar bhonn níos ginearálta. Baineann sí leis an leictreachas inathnuaite, chomh maith le tionscadail um theas inathnuaite agus tionscadail um ghás inathnuaite.

An creat dlíthiúil

Leis an Treoir athbhreithnithe 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite ('an Treoir') a chur chun cinn, bunaítear creat dlíthiúil maidir le fuinneamh inathnuaite a fhorbairt san Aontas Eorpach. Mar a leagtar amach in Airteagal 3(1) den Treoir, comhlíonfaidh na Ballstáit le chéile sprioc cheangailteach fhoriomlán an Aontais maidir leis an sciar d'fhuinneamh ó fhoinsí inathnuaite in oll-ídiú deiridh fuinnimh an Aontais in 2030. Baintear an sprioc chomhchoiteann sin amach tríd an rannchuidiú náisiúnta a shocróidh na Ballstáit go léir mar chuid dá bpleananna náisiúnta comhtháite fuinnimh agus aeráide (PNFAnna). Aithnítear sa Treoir freisin an ghné thrasteorann a bhaineann le húsáid an fhuinnimh inathnuaite agus moltar do na Ballstáit comhoibriú ina leith sin trí úsáid a bhaint, inter alia, as sásraí comhair atá ar fáil amhail aistrithe staidrimh, tionscadail chomhpháirteacha idir na Ballstáit, tionscadail chomhpháirteacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha nó comhscéimeanna tacaíochta².

Mar chuid den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, rinneadh Fuinneamh SCE a chomhlánú le hionstraim a dhírítear ar thacú le húsáid tionscadal trasteorann fuinnimh inathnuaite. Tá coincheap na dtionscadal trasteorann fuinnimh inathnuaite, mar a shainmhínítear sa Rialachán SCE³, bunaithe ar na sásraí comhair a bunaíodh faoin Treoir.

Bunchúiseanna le Comhar

Leis an gcomhar trasteorann, féadfar baint amach sprioc an Aontais mar aon leis an rannchuidiú náisiúnta ar bhealach níos cost-éifeachtúla a éascú trí phíblíne na dtionscadal a mhéadú, agus solúbthacht bhreise á cur ar fáil do na Ballstáit maidir lena spriocanna a bhaint amach. Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag réigiúin trasteorann maidir le 'saotharlanna um Lánpháirtiú na hEorpa'⁴. Ós rud é go bhfuil acmhainní geografacha agus nádúrtha éagsúla ag na Ballstáit chun leas a bhaint as fuinneamh inathnuaite, tá na costais táirgthe an-éagsúil ó thír

¹ Déanann sí forbairt ar an leagan níos luaithe 'Treoir maidir le húsáid an tsásra comhair an fhuinneamh inathnuaite', SWD(2013) 440 final, atá ar fáil ag https://ec.europa.eu/energy/sites/ener/files/documents/com_2013_public_intervention_swd05_en.pdf

² Tá tuairisc níos mionsonraithe ar na sásraí comhair ar fáil san Iarscríbhinn. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus í sin amháin, atá inniúil ar dhlí an Aontais a léirmhíniú.

³ Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

⁴ COM(2021)393: 'Réigiúin Teorann AE: Saotharlanna beo um lánpháirtiúocht Eorpach'

go chéile. Ballstát ('an tír óstach') a tháirgeann barrachas fuinnimh inathnuaithe, i.e. níos mó ná mar is gá chun a rannchuidiú féin a chomhlíonadh, féadfaidh sé a roghnú dul i gcomhar le Ballstát eile ('an tír is ceannaitheoir') atá sásta an iarracht a chómhaoiniú. Bainfidh an dá pháirtí tairbhe as an gcomhar sin. Gheobhaidh an tír óstach maoiniú breise agus sochair neamhairgeadais bhreise atá nasctha le tógáil agus oibriú na suiteála nua (e.g. slándáil fheabhsaithe an tsoláthair, poist a chruthú, éifeachtaí dearfacha iarmharta ó nuálaíocht mhéadaithe), an tír is ceannaitheoir trína sprioc a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla ó thaobh costais de ná mar atá sé sa bhaile. Cuidíonn na sásraí comhair freisinle comhroinnt na ndea-chleachtas, ailíniú na gcreataí rialála agus cuíchóiriú an nós imeachta riaracháin sna Ballstáit.

Athraíonn na bunchúiseanna le comhar maidir le fuinneamh inathnuaithe a roghnú ó thionscadal go chéile. Is iad na gnáth-bhunchúiseanna leis an gcomhar comhlíonadh spriocanna níos saoire a bhaint amach, úsáid fuinnimh inathnuaithe a mhéadú, cur le feabhsú an bhonneagair, slándáil an fhuinnimh a fheabhsú, glacadh an phobail le teicneolaíocht áirithe a fheabhsú, tástáil (chomhpháirteach) ar theicneolaíochtaí nuálacha nó ar réitigh bhonneagair chomh maith le comhtháthú margaidh na bhfoinsí inathnuaithe a chothú d'fhonn margadh inmheánach fuinnimh an Aontais a fheabhsú.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh difríochtaí móra a bheith idir na luachanna margaidh don fuinneamh inathnuaithe idir na Ballstáit, ag brath, inter alia, ar mheascáin éagsúla ghiniúna, ar chumais na suiteálacha atá ann cheana agus ar an méid idirnáisc agus ar chumais inmheánacha iompair san eangach. Trí oibriú i gcomhar le chéile, féadfaidh na Ballstáit a bhfuil luachanna margaidh níos ísle leo rochtain a fháil ar thionscadail a bhfuil luachanna margaidh níos airde leo ná a luachanna margaidh féin, rud a laghdaíonn íocaíochtaí tacaíochta.

Féadfaidh an comhar a bheith idir dhá thír nó níos mó nó idir roinnt tíortha / réigiún nó críocha trasteorann⁵, agus is iondúil go dtagann méadú ar an gcastacht agus ar na ceanglais maidir le comhordú de réir líon na ngníomhaithe lena mbaineann.

Sampla de chomhar trasteorann: Ceantanna atá oscailte go frithpháirteach idir an Ghearmáin agus an Danmhairg⁶

In 2016, chuir an Ghearmáin agus an Danmhairg dhá cheant fótavoltachais trasteorann chun feidhme a bhí oscailte do rannpháirtíocht ó thionscadail a bhí lonnaithe sa tír eile. Bhí na ceantanna a bhí oscailte dá chéile bunaithe ar chomhaontú comhair a idirbheartaíodh go déthaobhach. Bhí na ceantanna oscailte bunaithe ar an gcóras tacaíochta a bhí i bhfeidhm maidir le fótavoltachas sa tír faoi seach. Ina theannta sin, áiríodh sa chomhaontú comhair freisin socruithe maidir le srianta áitiúla suímh, malartú sonraí agus an cion le spriocanna fuinnimh inathnuaithe. Maidir le comhroinnt na gcostas, íocann an tír cheantála na híocaíochtaí tacaíochta leis na gléasraí uile arna ndámhachtain agus faigheann sí an staidreamh iomlán RES. Ní chuirtear aon chostais ná sochair bhreise san áireamh.

Bhí suíomh gach tionscadail rathúil sa Danmhairg mar thoradh ar na ceantanna trasteorann. Shroich ceant oscailte na Gearmáine praghsanna dámhachtana a bhí giota maith faoi bhun cheantanna

⁵ Is críocha iad réigiúin teorann ar gach taobh den teorainn chéanna (tá an sainmhíniú ar fáil ag: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Glossary:Border_region)

⁶ Tógann an tuairisc ar an gcás sin ar an tuarascáil 'Roghanna deartha do cheantanna trasteorann', arna forbairt faoi thionscadal AURES II ar cheantanna le haghaidh tacaíocht fuinnimh inathnuaithe. Is féidir an tuarascáil iomlán a fháil ag http://aures2project.eu/wp-content/uploads/2019/06/AURES_II_D6_1_final.pdf

náisiúnta na Gearmáine roimhe seo. Ní raibh aon cheantanna náisiúnta ar siúl tréimhse chéanna sa Danmhairg. Níor ghlac aon tionscadal de chuid na Gearmáine páirt i gceant na Danmhairge. Bhí sé sin mar gheall, i measc nithe eile, ar an uasacmhainn íseal a bhí tuartha do thionscadail a bhí lonnaithe sa Ghearmáin (2.4 MW díreach as méid iomlán ceant 20 MW), go raibh ceant náisiúnta sa Ghearmáin ar siúl lá amháin ina dhiaidh sin, costais idirbheart a bhaineann le tuiscint a fháil ar chóras ceantála na Danmhairge chomh maith leis an bpréimh sheasta a úsáidtear sa Danmhairg lena nochtar oibreoirí gléasra do rioscaí fadtéarmacha maidir le praghsanna leictreachais. Maidir leis na tionscadail atá lonnaithe sa Danmhairg, bhí rannpháirtíocht i gceant na Gearmáine tarraingteach toisc nár tionóladh aon cheantanna náisiúnta maidir le fótavoltachas in 2016. Níl na cúiseanna le tairiscintí níos iomaíche ón Danmhairg soiléir ach is dócha go gcuimseofar acmhainní fótavoltachais níos fearr ag na láithreáin atá rannpháirteach sna ceantanna, an deis chun gléasraí fótavoltachais a thógáil ar thalamh feirme (atá eisiata sa Ghearmáin) chomh maith le heaspa roghanna eile chun tacaíocht intíre, agus dá bhrí sin tairiscintí níos ionsaithí, a fháil.

Tá sé léirithe leis na ceantanna sin atá oscailte dá chéile gur féidir le cuir chuige chomhoibríocha idir na Ballstáit gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach i gcomparáid le ceantanna náisiúnta. Thairis sin, déantar soiléir leo freisin gur cheart scéimeanna tacaíochta náisiúnta agus sceidil ceant a chur san áireamh agus uainiú á gceapadh agus an comhaontú comhair á dhearadh. Ina theannta sin, ní mór do thíortha socruithe margaidh agus tosca eile a imríonn tionchar ar chostais tionscadal a chur san áireamh freisin chun aon rud gan choinne a sheachaint maidir le dáileadh na ndámhachtainí idir tíortha.

Sampla de chomhar trasteorann: Comhscéim deimhnithe idir an tSualainn agus an Iorua

In 2012, cuireadh an scéim tacaíochta leictreachais ghlais trasteorann idir an tSualainn agus an Iorua i bhfeidhm d'fhonn borradh a chur faoi fhás na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh sa dá thír. Go dtí seo, is í an t-aon comhscéim tacaíochta í a cuireadh i gcrích faoi na sásraí comhair dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (RED). Sular tháinig an scéim i bhfeidhm, bhí céim fhada idirbheartaíochta ar siúl ar idir an dá thír. Bhí sé an-deacair teacht ar chomhaontú maidir le comhroinnt oiriúnach costas agus sochar. Le comhaontú polaitiúil um chomhroinnt ualaí 50:50, réitíodh an bealach don chomhaontú deiridh.

Bhain an scéim tairbhe as taithí bliana na Sualainne ar mhargadh deimhnithe intíre inchomparáide a oibriú. Ionstraim atá bunaithe ar an margadh - tugtar luach saothair leis an scéim i gcomhair saoráidí a tháirgeann fuinnimh inathnuaite sa dá thír trí dheimhniú glas a leithdháileadh ar gach MWh de leictreachas inathnuaite a tháirgtear agus ar féidir é a thrádáil ar an margadh ansin. Tá sé d'oibleagáid ar sholáthróirí leictreachais na Sualainne agus na Iorua (agus roinnt úsáideoirí deiridh) deimhnithe a cheannach atá comhréireach le sciar dá dtáirgeadh/ídiú leictreachais.

I bhfianaise rath na scéime maidir le tógáil spriocdhírthe foinsí inathnuaite fuinnimh a bhaint amach nó a ró-bhaint amach, gaoth agus hidreachumhacht den chuid is mó, dúnadh an córas do rannpháirtithe nua i mí Eanáir 2022. Cé gurbh ionann na príomhthréithe sa scéim sa dá thír agus gur oibrigh an tSualainn agus an Iorua i dtreo comhspríoc táirgeachta a léiríodh in TWh, choimeád said solúbthacht áirithe maidir le paraiméadair na scéime chomh maith. Níl aon chomhúdarás ann ach oireach atá i gceannas ar chur chun feidhme agus ar fhaireachán, ach tá eintiteas intíre ceaptha ag gach tír. Léiríodh leis sin go bhféadfadh sé a bheith ina chuidiú aitheantas a thabhairt don ghá atá le solúbthacht i ndearadh comhscéime. Ina theannta sin, mar gheall ar an acmhainneacht measartha comhchosúil atá ann d'fhoinsí inathnuaite chomh maith le struchtúir chostais inchomparáide, tá sé níos éasca teacht ar chomhaontú faoi phríomhghnéithe na scéime. Is amhlaidh sin freisin maidir leis an idirbheartaíocht um chomhroinnt costais is tairbhe a bhíonn níos dúshlánaí fós má bhíonn difríocht shuntasach idir na tíortha comhoibrítheacha maidir leis na costais agus tairbhí.

Bacainní ar Chomhar

In ainneoin na dtairbhí seanbhunaithe agus dea-imscrúdaithe a bhaineann leis an gcomhar chun spriocanna fuinnimh inathnuaite AE a bhaint amach i gcomhpháirt, is beag tionscadal comhair a bhfuil na sásraí comhair á úsáid acu i ndáiríre atá curtha i bhfeidhm ó 2009⁷ agus tá úsáid na sásraí comhair fós íseal. Tugtar⁸ le fios le fianaise gurb ann i gcónaí do bhacainní in úsáid na sásraí comhair, a d'fhéadfadh a bheith ina mbacainní polaitiúla, teicniúla, dlíthiúla agus rialála chomh maith le bacainní socheacnamaíocha agus comhshaoil. Ina theannta sin, tuairiscíonn na Ballstáit agus páirtithe leasmhara eile bacainní riaracháin a bhaineann leis na céimeanna níos imeachta a theastaíonn chun tionscadal comhair a phleanáil agus a chur chun feidhme agus bacainní maidir le costais agus tairbhí a chainníochtú agus a roinnt. Tá méadú tagtha ar an bplé idir na Ballstáit le blianta beaga anuas maidir le leas a bhaint as sásraí comhair, cé go bhfuil roinnt tionscadal féideartha á bplé⁹. Leis an mbrú méadaithe chun dícharbónú tapa a dhéanamh i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' agus leis an bPlean RePowerEU, iarrtar go mbainfí úsáid níos minic as sásraí comhair.

Raon feidhme

Tá sé mar aidhm leis an Treoir seo tacú leis na Ballstáit tionscadail um chomhar trasteorann a phleanáil, a dhearadh agus a chur chun feidhme agus leas a bhaint as sásraí comhair¹⁰. Trí shúil a chaitheamh ar na roghanna agus ar na gnéithe deartha atá ar fáil le haghaidh comhroinnt costais agus tairbhe, tá sé mar aidhm léi sárú na bacainne ar úsáid bhreise a bhaint as na sásraí comhair a éascú.

⁷ Amhail ón lá inniu, tá dó dhéag thionscadal comhair curtha chun feidhme/comhaontaithe (deich n-aistriú staidrimh, tionscadal comhphárteach amháin agus scéim chomhthacaíochta amháin ina measc). Cé go léirítear leis sin go bhféadfadh sé go bhfuil dlús á chur faoin geur chun feidhme, tá úsáid na sásraí comhair fós níos ísle ná mar a bhí ceaptha. Cuireadh na tionscadail seo a leanas chun feidhme agus/nó comhaontaíodh iad: aistriú staidrimh idir Lucsamburg agus an Liotuáin, Lucsamburg agus an Eastóin, Málta agus an Eastóin, an Ísiltír agus an Danmhairg, Éire agus an Danmhairg, Éire agus an Eastóin, an Danmhairg agus an Bheilg, an Fhionlainn agus an Bheilg, Poblacht na Seice agus an tSlóivéin agus an Liotuáin agus an Bheilg; tionscadal comhphárteach idir an Ghearmáin agus an Danmhairg agus comhscéim tacaíochta idir an tSualainn agus an Iorua. Nuair a bhreathnaítear ar Phleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh Inathnuaite (NREAPanna) na mBallstát le haghaidh 2020, is léir, mar gheall ar úrnuacht na sásraí agus easpa na dtionscadal a bhí curtha chun feidhme, go raibh pleananna chun leas a bhaint as na sásraí comhair fós doiléir, aireach nó nach raibh siad ann fiú. Cúpla bliain ina dhiaidh sin, ina gcuid PNFanna, bhí pleananna na mBallstát maidir le húsáid na sásraí comhair níos nithiúla cheana féin, go háirithe mar gheall ar chomhairliúcháin a rinneadh idir na Ballstáit ar bhonn déthaobhach nó iltaobhach, ina n-aonar nó trí ghrúpaí agus fóraim éagsúla. I dtaca leis sin, ba cheart béim a leagan ar an obair i bhfóraim fuinnimh réigiúnacha, lena n-áirítear Grúpaí Ardleibhéil um Chomhar Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC), Plean Idirnáisc don Mhargadh Fuinnimh Mhuir Bhailt (BEMIP), Nascacht Fuinnimh do Lár agus Oirdheisceart na hEorpa (CESEC) nó na hIdirnáisc d'Iardheisceart na hEorpa (SWE), nó an Fóram Cúigthaobhach. D'éirigh leis na fóraim príomhpháirtithe leasmhara a thabhairt le chéile agus idirphlé a éascú. Mar sin féin, tá easpa pleananna nithiúla tuairiscithe ann fós, rud a léiríonn na deacrachtaí a bhraitear maidir leis na sásraí comhair a chur i bhfeidhm.

⁸ I measc na staidéar agus tionscadal, i measc eile, tá an tionscadal ar Shásraí Comhair idir Ballstáit AE agus idirghníomhaíocht le scéimeanna tacaíochta faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (2009/28/CE) (<https://res-cooperation.eu/>), the CA-RES project (<https://www.ca-res.eu/>), or the MUSTEC project (<https://mustec.eu/>). **I measc na staidéar agus tionscadal, i measc eile, tá an tionscadal ar Shásraí Comhair idir Ballstáit AE agus idirghníomhaíocht le scéimeanna tacaíochta faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (2009/28/CE)** https://energy.ec.europa.eu/topics/renewable-energy/renewable-energy-directive-targets-and-rules/cooperation-mechanisms_en#documents

⁹ I measc na samplaí atá ar eolas tá Meabhrán Tuisceana ar mhol fuinnimh amháin nó níos mó amach ón gcósta idir an Danmhairg agus an Ísiltír, Meabhrán Tuisceana idir an Laitvia agus an Eastóin ar thionscadal comhphárteach gaoithe amach ón gcósta, Litr Intinne ar anailís a dhéanamh ar thionscadail chomhphárteacha gaoithe amach ón gcósta agus ar thionscadail hibrídeacha amach ón gcósta idir an Danmhairg agus an Ghearmáin agus Meabhrán Tuisceana ar roghanna d'oiléin fuinnimh idir an Danmhairg agus an Bheilg a iniúchadh.

¹⁰ I gcás fhorhmór na dtionscadal comhair trasteorann, is féidir glacadh leis freisin gurb iad na Ballstáit nó na tríú tortha a fofaigh na costais is airde agus a bhfaighidh formhór na dtairbhí. Dá bhrí sin is iadsan na páirtithe idirbheartaíochta nádúrtha agus déanfaidh siad ionadaíocht dá bpáirtithe leasmhara mar réamshocrú.

Tá an treoir roimhe seo maidir le leithdháileadh costas agus tairbhí teoranta don mhodheolaíocht anailíse costais is tairbhe (CBA) a d’ullmhaigh ENTSO-E do thionscadail forbartha eangaí de réir Rialachán (AE) 2022/869 agus ní raibh aon treoir dírithe ar chostais agus tairbhí sócmhainní giniúna a roinnt. Dá bhrí sin, is é is aidhm leis an Treoir seo soiléireacht a sholáthar maidir leis na roghanna agus na céimeanna saoirse atá ar fáil chun na costais agus na tairbhí is infheidhme ar fud teicneolaíochtaí éagsúla fuinnimh inathnuaite a anailísiú agus a roinnt. Cé go bhféachtar léi le comhar foinsí inathnuaite i gcoitinne do gach teicneolaíocht fuinnimh inathnuaite a chlúdach, cuimsítear inti na gnéithe a bhaineann go sonrach le tionscadail ghaoithe amach ón gcósta (gathach) de bharr an chomhair sin a bheith ag éirí níos suntasaí agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin theicniúla agus phraiticiúla chur chun feidhme ar leith. Déanfar plé forleathan ar gnéithe anailíse costais is tairbhe agus roinnte na dtionscadal hibrideach amach ón gcósta i dTreoir 2024 atá le teacht maidir le conas roinnt na gcostas agus na tairbhí a roinnt in aghaidh an imchuach farraige do thionscadail tarchurtha fuinnimh amach ón gcósta in éineacht le forbairt tionscadal giniúna fuinnimh inathnuaite chomh maith le roinnt na gcostas agus na dtairbhí do thionscadail hibrideacha aonair¹¹.

Tá an Treoir seo deartha mar seo a leanas: ar an gcéad dul síos, tugtar breac-chuntas ar na gnéithe deartha is tábhachtaí do scéimeanna tacaíochta d’fhuinneamh inathnuaite le béim ar ghnéithe ábhartha chun costais agus tairbhí i dtionscadail chomhair trasteorann a roinnt. Sa roinn seo a leanas, tugtar tuairisc ar chuir chuige ghinearálta agus prionsabail CBA mar an phríomhuirlis chun measúnú a dhéanamh ar thairbhí sochaíocha foriomlána tionscadal fuinnimh inathnuaite agus ar an réamhriachtanas chun costais agus tairbhí a roinnt. Tugtar faisnéis ansin sa Treoir maidir le conas aghaidh a thabhairt ar chomhroinnt costas agus tairbhí idir páirtithe comhoibritheacha, ag leagan amach moltaí, samplaí agus dea-chleachtais. Tá treoirphlean maidir le comhaontú comhair ar fáil i roinn 6.

¹¹ Agus aitheantas á thabhairt don fhócas méadaitheach ar chineálacha casta comhair i dtaca le fuinneamh inathnuaite, amhail i gcomhthéacs páirceanna gaoithe hibridí amach ón gcósta, soláthrófar ‘treoir maidir le conas comhroinnt na gcostas agus na dtairbhí a chomhordú thar theorainneacha do thionscadail tarchurtha fuinnimh in éineacht le forbairt tionscadal giniúna fuinnimh. <g id="232">Tá baint ag an Treoir seo le Rialachán TEN-E Airteagal 15(1) [Rialachán (AE) 2022/869] chomh maith leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún ‘Straitéis AE chun leas a bhaint as acmhainneacht fuinnimh inathnuaite aeráidneodrach amach anseo’ COM (2020) 741 final, ar fáil ag: https://ec.europa.eu/energy/sites/ener/files/offshore_renewable_energy_strategy.pdf

2 GNÉITHE AGUS ROGHANNA DEARTHA COMHAIR MAIDIR LE MAOINIÚ

Agus tionscadal comhair á chomhaontú acu, ní mór do na Ballstáit ailíniú a dhéanamh ar réimse gnéithe, lena n-áirítear príomhspríocanna agus príomhphrionsabail an chomhair, an sásra nó na sásraí comhair is féidir a úsáid chun na spríocanna sin a bhaint amach, chomh maith le raon feidhme agus coinníollacha an chomhair. Maidir leis an dara cás, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit scéim tacaíochta a roghnú agus beidh orthu teacht ar chomhaontú maidir le comhroinnt na gcostas agus na dtairbhí a thiofadh as an tionscadal. D'fhéadfadh torthaí éagsúla i dtéarmaí costas agus tairbhí a bheith mar thoradh ar ghnéithe deartha éagsúla den sásra nó de na sásraí comhair agus den scéim tacaíochta (nuair is infheidhme).

Mar a leagtar amach thuas, b'fhéidir gur mian leis na Ballstáit spríocanna éagsúla a bhaint amach agus tionscadal comhair á chomhaontú acu. In aon chá, áfach, beidh siad ag iarraidh a áirithiú go mbeidh an comhar tairbhíúil do gach páirtí agus go gcomhroinnfear na costais agus na tairbhí ar bhealach a léireoidh an sprioc sin. Is é an loighic fhoriomlán go gcuirfidh an Ballstát is ceannaitheoir cion leis na costais tacaíochta mar chúiteamh ar staidreamh RES a fháil. Féadfar a áireamh ar na fospriocanna a bhfuil na Ballstáit ag féachaint lena mbaint amach, mar shampla, an sprioc chun costais RES chomhtháithe a laghdú tríd an úsáid a aistriú go tíortha ina bhfuil costais chomhtháthaithe córais níos ísle. Ar an taobh eile, cuirfidh na Ballstáit óstacha na costais sin san áireamh chomh maith lena mhéid a léirítear iad sna híocaíochtaí tacaíochta, rud a chiallaíonn costais a íocfaidh forbróirí tionscadal fuinnimh inathnuaite nó a thabhóidh páirtithe leasmhara eile, amhail OCTanna, nó tomhaltóirí deiridh. Ós rud é go bhféadfadh costais chomhtháthaithe córais a bheith substainteach, féadfaidh na Ballstáit óstacha an cúiteamh leordhóthanach a áireamh.

Rogha sásra comhair

Braitheann an rogha sásra comhair ar na spríocanna sonracha a bhfuil na Ballstáit ag féachaint leo. Go ginearálta, is féidir a rá, más é an t-aon chuspóir amháin comhlíonadh na sprice gearrthéarmaí ar chostas níos ísle a lorg, nó bearna atá fágtha sa sprioc a dhúnadh go tapa le hiarracht intíre teoranta, gurb iad **aistrithe staidrimh** an rogha is iomchuí mar go léirítear leo na costais bheartaíochta is ísle agus is gnách nach mbíonn siad chomh casta. Ar an taobh eile, ní úsáidtear acmhainn bhreise inathnuaite mar thoradh ar aistriú staidrimh, mura gcuireann an tír dhíola an t-ioncam i leataobh do thionscadail nua fuinnimh inathnuaite.

Féadfar tabhairt faoi thionscadail chomhphárteacha freisin más é an cuspóir teicneolaíochtaí (nua) a fhorbairt nó a thástáil. **Is iad comscéimeanna tacaíochta an sásra comhair** is casta agus baineann na costais idirbheart is airde leo. Mar sin féin, d'fhéadfadh comhscéimeanna tacaíochta éifeachtúlacht costais a fheabhsú agus cobhsaíocht fhadtéarmach an mhargaidh agus leachtacht a mhéadú. Dá airde an comhar i dtionscadail leictreachais in athnuaite a bhainfear amach le himeacht ama, is ea is mó an bonn cirt a bheidh le sásra casta a roghnú.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach bhfuil na sásraí comhair eisiach go frithphárteach agus go bhfuil an tsaoirse ag na Ballstáit níos mó ná sásra amháin a chomhcheangal in aon chomhaontú amháin. Maidir le comhroinnt costas agus tairbhí, tá sé inmholta costais agus tairbhí a choinneáil scartha go hiomlán óna chéile de réir an tionscadail agus gan iad shuimiú i gcomhcheangail tionscadal.

Rogha an chineáil tacaíochta

Cé go bhfuil méadú ag teacht ar úsáid fuinnimh inathnuaite atá bunaithe ar an margadh, tá sé fós bunaithe den chuid is mó ar scéim tacaíochta – baineann sé sin le comhar trasteorann chomh maith. I bprionsabal, tá an rogha ag na Ballstáit idir scéim tacaíochta an Bhallstáit óstaigh a úsáid, scéim tacaíochta an Bhallstáit ranníocaigh a oscailt nó comhscéim tacaíochta shaincheaptha nua a chur ar bun. Ní mór raon gnéithe deartha don scéim seo a shainiú. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin nach gá go mbeadh íocaíochtaí tacaíochta iarbhír i gceist le scéim tacaíochta, toisc go bhféadfadh na híocaíochtaí sin dul i léig i gcásanna ina bhfuil tairiscintí ar phraghas nialasach, i.e. forbróirí atá sásta dul ar aghaidh leis an tionscadal gan aon fhóirdheontais.

Tá sé de bhuntáiste le húsáid a bhaint as scéim tacaíochta na tíre óstaí go leabófar í gan stró sa chomhthéacs rialála náisiúnta. Má roghnaítear scéim tacaíochta an Bhallstáit ranníocaigh, i gcodarsnacht leis sin, beidh dhá scéim ann ag an am céanna sa Bhallstát ina bhfuil an tsuiteáil suite agus d'fhéadfadh sé teacht salach ar a chomhthéacs rialála. Ar an taobh eile, baineann costais bheartaíochta níos airde le comhscéim tacaíochta nua a chur ar bun, ach tá sé de bhuntáiste aici go bhfuil sí oiriúnach don fheidhm agus níos éifeachtaí do phleananna comhair níos mó. Sa chás sin, ní mór institiúidí náisiúnta nó réigiúnacha a oibríonn an scéim a shainaithint. Féadfaidh na Ballstáit scéim na tíre óstaí nó scéim na tíre ranníocaí a roghnú mar phointe tosaigh, ach féadfaidh siad teacht ar chomhaontú maidir le himeacht ó ghnéithe deartha i gcás gnéithe aonair.

Ní mór na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh agus scéim tacaíochta á sainiú, ag tabhairt faoi deara go mbeidh difríocht idir an cur ar bun agus na sonraíochtaí beachta de réir an cháis.

Réamh-imscrúdú, roghnú láithreáin, ceadú agus réamhfhorbairt

Ar an iomlán, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir cur chuige láraithe (faoi stiúir an rialtais) agus cur chuige díláraithe (faoi stiúir an fhorbróra) maidir le réamh-imscrúdú, roghnú láithreáin, ceadú agus réamhfhorbairt. Is éard atá i gceist leis an gcur chuige láraithe ná go mbeidh stát nó comhlacht atá faoi úinéireacht an stáit i gceannas ar na próisis sin, iad a spreagadh agus na costais agus na rioscaí maidir leo a sheasamh¹². I samhail dhíláraithe, déanann forbróirí tionscadail láithreáin a roghnú, a réamh-imscrúdú agus a réamhfhorbairt i gcrios réamhshainithe. Ag brath ar cé a íocfaidh as na costais a bhaineann le réamh-imscrúdú, roghnú láithreáin agus réamhfhorbairt ar dtús, d'fhéadfadh go mbeadh gá le cúiteamh.

Córas leithdháilte costas eangaí

Beidh ar na Ballstáit atá ag obair i gcomhar lena chéile cinneadh a dhéanamh freisin maidir leis an gcomhéadan idir forbróirí foinsí inathnuaite agus CTOanna nuair a bhaineann sé leis an gcóras eangaí. Sa chur chuige éadrom maidir le leithdháileadh costas, is iad forbróirí tionscadal fuinnimh inathnuaite a sheasann na costais nasctha chuig an bpointe nasctha is gaire is oiriúnaí sa ghréasán eangaí atá ann cheana, fostáisiún de ghnáth, agus is iad CTOanna - a sheasann na costais a bhaineann le haon neartú eangaí is gá. Is iad cuir chuige éadroma maidir le costais an

¹² Tá gnéithe den tsamhail láraithe ina gcuid de thogra ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha a bhaineann le ceadú tionscadal RES sa Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (COM (2022) 222 final).

rogha is lú costas d'fhorbróirí tionscadail (toisc go n-íocann na CTOanna/OCDanna neartú eagnaí de ghnáth) agus éascaítear leo trédhearcacht agus comhsheasmhacht mhaith ó thaobh costas de. Mar sin féin, d'fhéadfadh moill a bheith ar thionscadail de bharr neartú riachtanacha CTOanna/OCDanna sula bhféadfaí nasc a dhéanamh.

Sa chur chuige domhain maidir le leithdháileadh costas, ní mór d'fhorbróirí tionscadal fuinnimh inathnuaite na costais nasctha go léir a sheasamh, chomh maith le haon chostais as neartú breise, de bharr chomhtháthú na suiteála nua sa chóras. Míbhuntáiste mór sa chóras um leithdháileadh costas domhain is ea gur féidir le costais nasctha tosaigh a bheith an-ard agus go mbíonn na costais as neartú an líonra éiginnte agus deacair a thuar d'fhorbróirí de ghnáth¹³. Mar sin féin, is minic nach mbíonn ar fhorbróirí tionscadail táillí córais a íoc as neartú leanúnach na heangaí faoin gcur chuige sin.

Tá foirmeacha hibrideacha indéanta chomh maith. Ag brath ar a sonraíocht chruinn, d'fhéadfadh sé go mbeadh míbhuntáistí/buntáistí an dá chóras ag samhlacha hibrideacha.

Cineálacha tacaíochta airgeadais

Is iad na príomhroghanna le haghaidh cineálacha tacaíochta airgeadais 'tacaíocht oibríochta' agus 'cúnamh infheistíochta' (roimh ré nó athfhillteach, e.g. bliantúil). Is iad na cineálacha tacaíochta oibriúcháin is ábhartha préimheanna seasta, préimheanna aistritheacha aontaobhacha agus préimheanna aistritheacha déthaobhacha (conarthaí difríochta) ¹⁴.

I gcás préimh sheasta, ní bhraitheann tacaíocht iomlán ar phraghsanna leictreachais. Chomh maith leis sin, tá sé níos éasca préimheanna seasta a riar, ach baineann míbhuntáiste leo d'fhorbróirí mar go bhféadfadh sé go mbeadh orthu rioscaí ioncaim margaidh a d'fhéadfadh a bheith ard a sheasamh agus dreasachtaí a sholáthar chun táirgeadh i dtréimhsí nach bhfuil gá le giniúint bhreise. Féadfar aghaidh a thabhairt ar riosca fadtéarmach ioncaim an mhargaidh trí phréimheanna aistritheacha a bhféadfadh, áfach, nochtadh na gcostas tacaíochta iomlán maidir le praghsanna leictreachais níos ísle ná an praghas ceangail, a íocfaidh tomhaltóirí, a bheith mar thoradh orthu. I gcás cabhair infheistíochta roimh ré nó bhliantúil, nochtar gléasraí i bprionsabal do rioscaí iomlána ioncaim margaidh leictreachais.

Tá cabhair nó tacaíocht infheistíochta difriúil ó thacaíocht oibriúcháin trí sciar de chostais infheistíochta an tionscadail a sholáthar sula dtéann sé i bhfeidhm go hiarbhír agus sula dtosaíonn sé ag giniúint. Cé gur annamh a fheictear cabhair infheistíochta ar leibhéal na mBallstát, táthar ag súil go mbeidh sí níos ábhartha i gcomhthéacs shásraí maoiniúcháin AE amhail an líne mhaoiniúcháin nua do thionscadail trasteorann faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE).

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le dearadh tacaíochta airgeadais, moltar tús a chur leis an bplé ó dhearthaí na scéime tacaíochta atá sna Ballstáit lena mbaineann cheana, ar

¹³ Is iad éifeachtaí líonra is é is cúis leis sin don chuid is mó, ach d'fhéadfadh baint a bheith ag neamhchinnteacht le hathruithe rialála chomh maith.

¹⁴ Sa chóras préimhe aontaobhach, má tá praghas an mhargaidh faoi bhun phraghas ceangail an cheant, faigheann táirgeoirí tacaíocht a chlúdaíonn an t-easnamh, agus má tá praghas an mhargaidh níos airde, is féidir leo an t-ioncam barrachais a choinneáil. Feidhmíonn an phréimh dhéthaobhach ar bhealach comhchosúil, ach ní mór don táirgeoir farasbarr ioncaim a aisíoc. I scéim na préimhe seasta, faigheann táirgeoirí méid seasta de barrachas ioncaim sa bhreis ar an bpraghas margaidh.

choinníoll go bhfuil scéim intíre i bhfeidhm ag ceann amháin ar a laghad de na páirtithe comhoibritheacha don teicneolaíocht lena mbaineann. I gcás nach bhfuil aon scéim den sórt sin i bhfeidhm sna stáit chomhoibritheacha, d'fhéadfadh taithe na mBallstát a roinneann tréithe agus cuspoirí comhchosúla a bheith mar shampla. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na gnéithe deartha, ba cheart do na stáit chomhoibritheacha iarracht a dhéanamh oibriú agus cothabháil rialta an ghléasra nua a áirithiú, na costais tacaíochta is gá a íoslághdú thar a shaolré, teorainn a chur leis an riosca go mbeadh róchúiteamh nó tearc-chúiteamh ann, rioscaí airgeadais i gcoitinne a laghdú agus impleachtaí na scéime tacaíochta do thomhaltóirí a bhreithniú.

I gcás **comhar trasteorann**, féadfaidh na Ballstáit préimh aistritheach (aontaobhach nó déthaobhach) a úsáid, amhail conarthaí difríochta. Leis na conarthaí difríochta, go háirithe, soláthraítear cobhsaíocht praghsanna agus ag an am céanna cuirtear teorainn le brabúis amhantair iomarcacha is féidir a ghiniúint i gcás praghsanna margaidh an-ard. Ba cheart a thabhairt faoi deara, nuair atá dhá mhargadh leictreachais agus dhá phraghas éagsúla leictreachais i gceist leo, go mbeidh ríomh na n-íocaíochtaí tacaíochta don rialtóir nó do na rialtóirí casta agus gur dócha go méadófar na rioscaí d'infheisteoirí foinsí inathnuaite. Mar gheall air sin méadaítear na costais riaracháin agus bheartaíochta agus d'fhéadfadh íocaíochtaí cúitimh a bheith riachtanach nach féidir iad a mheas go héasca ar bhonn ex-ante. Chun na rioscaí sin a mhaolú, ba cheart an margadh tagartha a chomhaontú idir na Ballstáit roimh ré, dá bhrí sin. Má sháraítear bacainní den sórt sin, d'fhéadfadh sé go soláthrófaí leis na comhscéimeanna tacaíochta méideanna tacaíochta níos éifeachtúla agus níos ísle d'easnaimh infheistíochta riachtanacha ar bith i dtionscadail fuinnimh inathnuaite ná a sholáthraítear leis na scéimeanna tacaíochta náisiúnta, agus ar an dóigh sin laghdófaí na méideanna iomlána tacaíochta arna maoiniú ag cáiníocóirí gach Ballstáit.

Cé nach bhfuil sé laistigh de raon feidhme na ngníomhaíochtaí a fhéadfaidh na Ballstáit a dhéanamh agus iad ag smaoineamh ar thionscadail comhair trasteorann um fhuinneamh inathnuaite a chur chun feidhme, tá sé ábhartha a thabhairt faoi deara go bhféadfadh rochtain a bheith ag tionscnóirí tionscadal fuinnimh inathnuaite ar fhoinsí eile maoinithe iomaíoch, amhail trí ionstraimí BEI nó trí PPAanna a chomhaontú le ceannaitheoirí

Dearadh tairisceana/ceant

Go ginearálta, maidir le tacú le foinsí inathnuaite fuinnimh san Aontas Eorpach, tá tábhacht na dtaraifí nó na geuótaí atá socraithe ó thaobh riaracháin ag laghdú, agus tá méadú ag teacht ar na ceantanna. Tá go leor roghanna ar fáil maidir le tairiscintí/ceantanna a dhearadh chun tacaíocht a thabhairt don fhuinneamh inathnuaite. Is iad na gnéithe deartha is tábhachtaí an teicneolaíocht cheantála, méid, uainiú, méid na dtairiscintí, an cineál tacaíochta a íoctar, na critéir réamhcháilíochta agus dhámhachtana agus má úsáidtear tairiscintí earra aonair nó earraí iomadúla.

Sa chás comhair, is féidir le ceantanna a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, go suntasach, ceantanna aontaobhacha, frithpháirteacha agus comhpháirteacha. Beidh tionchar ag an gcineál ceant a roghnófar ar an sásra tacaíochta, e.g. i **gceantanna aontaobhacha**, cuirfear scéim tacaíochta na mBallstát is ceannaitheoirí nó na mBallstát ranníocach i bhfeidhm, i.e. a chomhfhreagróidh d'oscailt aontaobhach scéime tacaíochta do thionscadail ón mBallstát

óstach. **I gceantanna frithpháirteacha**, osclaíonn an dá thír a scéimeanna tacaíochta féin agus i **gceantanna comhpháirteacha** ceapann na páirtithe comhoibritheacha scéim tacaíochta saincheaptha chun ailíniú a dhéanamh le gnéithe uile an tionscadail comhair. Mar riail ghinearálta, ba cheart don Bhallstát a íocann na costais tacaíochta staidreamh comhfhreagrach RES a fháil. Féadfaidh na Ballstáit comhaontuithe difrithe a dhéanamh freisin maidir leis an tréimhse ama chun baint amach na sprice a aistriú agus i dtaobh an leanfar de na scaireanna a aistriú chuig an mBallstát ranníocach i ndiaidh dheireadh na tréimhse tacaíochta go dtí deireadh ré theicniúil na suiteála. Beidh tionchar aige sin ar an gcomhroinnt costas agus tairbhí a thiocfaidh as. Féadfaidh na Ballstáit a chomhaontú, mar shampla, go dtosóidh an tsuiteáil ag cur le sprioc na tíre óstaí a bhaint amach i ndiaidh dheireadh na tréimhse tacaíochta mar chúiteamh ar sholáthar an láithreáin agus ós rud é go dtabhaítear costais chomhtháthaithe an chórais leis.

An comhar a mhaoiniú

Chomh maith leis an sásra comhair a roghnú agus (más ábhartha) gnéithe deartha na scéime tacaíochta a ailíniú, beidh ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú freisin maidir leis an dóigh eis an gcomhar a mhaoiniú agus, b'fhéidir, conas costais na tacaíochta a ghnóthú¹⁵. Is iad na príomhroghanna maoiniúcháin foinsí poiblí maoiniúcháin (buiséid náisiúnta, sásraí maoiniúcháin agus cistí AE), tobhaigh tacaíochta ar thomhaltóirí nó ar fhoirmeacha hibrideacha, i.e. comhcheangail díobh sin. Cé gur athdháileadh ó gach cáiníocóir go tomhaltóirí fuinnimh iad foinsí poiblí maoiniúcháin go bunúsach, athdháiltear le tobhaigh costais an fhuinnimh inathnuaite ar thomhaltóirí leictreachais tríd an bpraghas leictreachais a bhreisiú. Is féidir leis na Ballstáit a roghnú freisin codanna de na costais a mhaoiniú ó foinse amháin, agus foinse eile a úsáid don chuid eile. Soláthraítear leis na Treoirlínte maidir le Státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2022¹⁶ an creat d'údaráis phoiblí chun tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ar bhealach éifeachtúil agus leis an íosmhéid saofa ar iomaíocht.

¹⁵ Is féidir le gach tír chomhoibritheach a chinneadh ar bhonn náisiúnta conas costais na tacaíochta a ghnóthú, ach amháin i gcás comsáimeanna tacaíochta.

¹⁶ 2022/C 80/01

3 ANAILÍS COSTAIS IS TAIRBHE MAR BHUNÚS LE COMHROINNT COSTAIS IS TAIRBHE

I gcomhthéacs tionscadail chomhair, déanann CBA éifeachtaí uile tionscadail comhair ar leith, bídis dearfach nó diúltach, beartaithe nó neamhbheartaithe, díreach nó indíreach, a shainithint go sistéamach agus a chur i gcomparáid go sistéamach. Cumhdaíonn CBA i bprionsabal tionchar an tionscadail i ngach ceann de na Ballstáit lena mbaineann.

Le haithint an gcruthófar glantairbhí, glanchostais shochoaíocha le tionscadal comhoibrithe beartaithe, ní mór costais agus tairbhí a dhearbhu, a chainníochtú agus a mheas i gcoinne a chéile. Nuair is mó na tairbhí ná na costais thar thréimhse ama shainithe, arna lascainiú go dtí an t-am atá ann anois, beidh glanluach reatha dearfach (NPV) leis an tionscadal comhair agus meastar go mbeidh sé tairbhiúil ó thaobh dearcadh sochaíoch, iomlánaíoch de.

Ina theannta sin, cuirfear NPV an tionscadail i gcomparáid le tionscadal malartach a úsáideann foinsí inathnuaite fuinnimh gan chomhar (cás frithfhórasach). Thar aon rud eile, ba cheart don tionscadal frithfhórasach bheith ina léiriú réalaíoch ar an dóigh ar dócha go mbunóidh tionscnóirí tionscadail malartacha lena spriocanna a bhaint amach, i gcomhréir le spriocanna aeráide agus fuinnimh Eorpacha agus náisiúnta, i gcás nach gcuirfí an an comhar ar bun. Má bhíonn NPV an tionscadail comhair níos mó ná NVP a cháis fhrithfhórasaigh, meastar go mbeidh sé tairbhiúil tabhairt faoin tionscadal comhair ó thaobh sistéamach de agus is féidir tuilleadh céimeanna a thionscnamh.

Chun cinneadh a dhéanamh an rachfar ar aghaidh le tionscadal comhair nó nach rachfar, beidh CBA cuimsitheach fíor-riachtanach.

Mar thúsphointe chun CBA a dhéanamh, is féidir leis na Ballstáit atá ag comhoibriú lena chéile féachaint ar mhodheolaíochtaí agus ar chleachtais atá ann cheana. I dtéarmaí ginearálta, áirítear leis sin an Treoir maidir le hAnailís Costais is Tairbhe ar Thionscadail Infheistíochta don Bheartas Comhtháthaithe 2014-2020¹⁷ agus cuir chuige eile cur chuige amhail an cur chuige maidir le breithmheas eacnamaíoch ar thionscadail infheistíochta a úsáidtear sa Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI)¹⁸. Maidir le sócmhainní giniúna RES, soláthraítear treoir ábhartha i bprionsabail CBA le haghaidh tionscadail trasteorann Ros faoi SCE, ag moladh tacar cuimsitheach táscairí atá fós soláimhsithe¹⁹. Maidir le tionscadail forbartha agus infheistíochta eangaí, is í an acmhainn is ábhartha an mhodheolaíocht anailíse costais is tairbhe ar fud an chórais fuinnimh a úsáidtear le haghaidh tionscadail infheistíochta eangaí de réir Rialachán (AE) 2022/869 (TEN-E)²⁰. Ag cur leis, déanfaidh ENTSO-E CBA mar chuid den phróiseas TYNDP. Maidir le bonneagar leictreachais trasteorann, úsáidfear an mhodheolaíocht

¹⁷ Féach https://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/publications/guides/2014/guide-to-cost-benefit-analysis-of-investment-projects-for-cohesion-policy-2014-2020.

¹⁸ ‘An Breithmheas Eacnamaíoch ar Thionscadail Infheistíochta ag BEI. Leagan Márta 2013 - Á athbhreithniú’, ar fáil ag https://www.eib.org/attachments/thematic/economic_appraisal_of_investment_projects_en.pdf

¹⁹ ‘Modheolaíochtaí chun measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú tionscadal trasteorann leis na critéir ginearálta agus chun an anailís costais is tairbhe a shonraítear i gCuid IV den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1153 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a sholáthar’, atá ar fáil ag <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52021SC0429&qid=1564520971474>

²⁰ Féach <https://tyndp.entsoe.eu/cba>

bhunaithe CBA arna forbairt ag ENTSO-E agus arna faomhadh ag an gCoimisiún Eorpach mar phointe tosaigh.

Táscairí CBA le haghaidh sócmhainní giniúna

Ar mhaithe leis na costais bheartaíochta a choinneáil chomh híseal agus is féidir, díreoidh páirtithe comhoibritheacha an CBA ar na catagóirí costais is tairbhe is suntasaí, idir dhíreach agus indíreach, a eascraíonn as an gcomhar a d'fhéadfadh a bheith ann. Cé go bhfuil táscairí áirithe ann ar dócha go gcuimseofar iad i ngach CBA, e.g. costais ghiniúna fuinnimh, tá roinnt saoirse ag na Ballstáit teacht ar chomhaontú i gcomhpháirt maidir leis na catagóirí costais agus tairbhe sin is mian leo a mheas. Mar riail ghinearálta, dá mhéad a bhfuil an próiseas pleanála curtha chun cinn, is ea is cuimsithí a bheidh an CBA agus liosta na dtáscairí arna mbreithniú. I bprionsabal, moltar do pháirtithe comhoibritheacha tús a chur le CBA simplí agus nach mbeidh chomh cuimsitheach ar féidir é a leathnú de réir a chéile le níos mó táscairí de réir mar a rachaidh an próiseas ar aghaidh.

Go ginearálta, agus aistriú á dhéanamh ó 'chomhar simplí' go foirmeacha níos casta, e.g. tionscadail ina gcomhcheanglaítear bonneagar agus sócmhainní giniúna, beidh an cur chuige chun measúnú a dhéanamh ar chostais agus ar thairbhí an chomhair níos cuimsithí freisin agus cumhdófar táscairí breise agus difriúla leis.

Níl costais tacaíochta le cur san áireamh sa CBA toisc gurb ionann iad agus aistriú glansóisialta, ach moltar a gcainníochtú go láidir cheana féin ag céim an CBA²¹.

Teorainneacha CBA

Cé go bhfuil CBA riachtanach chun a chinneadh cé acu an rachfar chun cinn leis an tionscadal comhair nó nach rachfar, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt teorainneacha suntasacha leis a chaithfidh na páirtithe comhoibritheacha a choinneáil i gcuimhne. Mar atá leagtha amach thuas, ní mór don CBA an chothromaíocht idir castacht agus costais bheartaíochta a theorannú go leibhéal soláimhsithe agus iarracht a dhéanamh gach toisc ábhartha a chur san áireamh. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé sin dúshlánach, go háirithe má tá an tionscadal fós ag céim luath. Beidh úsáid as toimhdí agus breithiúnais luacha fíor-riachtanach dá bhrí sin.

Ar deireadh, ní thabharfar léargas ar bith sa CBA léargas ar éifeachtaí an tionscadail ar ghrúpaí páirtithe leasmhara éagsúla. In ainneoin NPV dearfach is féidir agus fiú is dócha nach mbeidh gach páirtí lena mbaineann níos fearr as leis an tionscadal. Tá sé sin tábhachtach go háirithe a mhéad a bhaineann leis an gcéad chéim eile, costais agus tairbhí a roinnt.

²¹ Má tá gá le státhabhair chun an tionscadal fuinnimh inathnuaithe a chur i gcrích, ba cheart go mbeadh an anailís ar easnamh an mhaoinithe a dhéanfar de réir CEEAG comhsheasmhach le príomhthoimhdí CBA.

4 CUR CHUIGE MAIDIR LE COMHROINNT COSTAIS IS TAIRBHE

De ghnáth, soláthrófar le tionscadail chomhair trasteorann réimse uathúil costas agus tairbí a dháiltear go neamhshiméadrach. Ag baint úsáid as cur chuige CBA, is féidir le páirtithe comhoibritheacha a chinneadh an bhfuil tionscadal tairbhiúil ó dhearcadh sochaíoch agus dá bhrí sin, i bprionsabal, an fiú tabhairt faoi. Ní dhéantar ráitis leis na CBAnna, áfach, faoi na héifeachtaí dáileacháin idir na tíortha lena mbaineann chomh maith le páirtithe leasmhara aonair.

Cruthaítear tairbhí le húsáid na sásraí comhair, amhail laghdú ar chostais um chomhlíonadh sprice. Mar sin féin, d'fhéadfaí na buntáistí sin a dháileadh go míchothrom idir na Ballstáit lena mbaineann. Cruthaítear fadhb leis sin maidir le leithdháileadh tairbhí go bunúsach, agus is é an dúshlán réiteach a fháil ar fhadhb an leithdháilte ionas go mbeidh na Ballstáit uile atá rannpháirteach ábalta bheith rannpháirteach sna tairbhí comhair agus go measfar gur do na páirtithe comhoibritheacha amháin a bheidh an leithdháileadh, rud a bheidh ag teacht le rannchuidiú gach páirtí. Toisc nach bhfuil aon mhargadh lárnach ann don leithdháileadh sin, ní mór do na páirtithe comhoibritheacha cur chuige comhroinnte costas a chaibidliú nó sásra leithdháilte sochair a ghlacadh de réir critéar, rialacha nó foirmlí a comhaontaíodh roimhe sin.

Ar an iomlán, ní mór do na tíortha comhoibritheacha dhá cheist lárnacha a fhreagairt. Ar an gcéad dul síos, cén sásra airgeadais agus cén praghas a chuirfidh an tír is ceannaitheoir le costais tacaíochta an tionscadail? Ar an dara dul síos, má chúitíonn an tír is ceannaitheoir an tír óstach as costais a thabhoífar sa bhaile agus cén sásra a úsáidfidh sí faoi choinne sin? Tá impleachtaí díreacha leis an dá cheist sin ar roinnt na gcostas agus na dtairbhí a eascródh astu, i gcás go gcúitíonn páirtí amháin an páirtí eile de ghnáth.

É sin ráite, tá loighic bhunúsach an chúitimh simplí, ag cur in iúl gur cheart na páirtithe leasmhara a sheasfaidh na costais ach nach mbaineann (a dhóthain) tairbhe as an tionscadal comhair a chúiteamh dá réir. Go dtí seo, tá formhór na gcásanna ina ndéantar costais a roinnt nó cúiteamh teoranta do bhonneagar eangaí i gcás ina bhfuil moltaí agus treoir ar fáil ón nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)²², agus tá comhroinnt na gcostas agus na dtairbhí ó shócmhainní giniúna bunaithe ar chur chuige roghnach agus pragmatach chun na príomhchostais agus na príomhthairbhí a bhreithneofar a shainaitheint. Is iondúil gurb iad na príomhghnéithe ar a ndírítear a thacaíonn le costais agus le staidreamh RES ar leibhéal Ballstáit. Déantar an cúiteamh a thagann as sin a chomhaontú ansin le linn phróiseas idirbheartaíochta na bpríomhpháirtithe lena mbaineann agus/nó a n-ionadaithe.

Prionsabail na comhroinnte costas is tairbhe

Ba cheart an chomhroinnt costas is tairbhe a bhunú ar chothroime i.e. nach bhfaighidh aon pháirtí tairbhe neamh-chomhréireach / nach mbeidh costas neamh-chomhréireacha orthu mar gheall ar an gcomhar is féidir a bhaint amach trí chúiteamh a thabhairt do na páirtithe go

²² **Maidir le bonneagar**, léiríodh sa Cheathrú Tuarascáil Faireacháin ar chinntí CBCA a d'fhoilsigh ACER go roghnaíonn formhór na dtionscadal tras-Eorpach fuinnimh a bhaineann le bonneagar trasteorann, cuir chuige 'thraidisiúnta' maidir le leithdháileadh costas. Leanann formhór na dtionscadal gaoithe ar an geladach an 'prionsabal críochach' mar a thugtar air i gcás ina seasann gach tír na costais a bhaineann le cur chun feidhme an tionscadail ar a críoch féin, in ainneoin aon tairbhí a d'fhéadfadh an tionscadal a thabhairt ar fud tíortha, cé go bhfuil 'leithdháileadh costas 50/50' coitianta le haghaidh gaoth amach ón gcósta. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an cur chuige sin éifeachtach i gcásanna amhail eangach mogaill nua amach ón gcósta a d'fhéadfadh dul i gcion ar líon níos mó páirtithe.

léir i gcomhréir lena rannchuidiú, **infheidhmitheacht** i.e. castacht agus dá réir sin costais bheartaíochta a laghdú go dtí méid soláimhsithe trí theorainn a chur leis na páirtithe agus leis na catagóirí costais is tairbhe do na páirtithe is tábhachtaí, agus **léiriú ar chostais agus ar thairbhí iarbhír** (agus teacht ar chomhaontú maidir le socruithe féideartha a imíonn uathu sin ag céim níos déanaí amháin).

Chomh maith leis na trí phrionsabal thuasluaite a chur san áireamh, ba cheart do na páirtithe leasmhara peirspictíocht fhadtéarmach a ghlacadh chucu féin agus measúnú a dhéanamh, ní hamháin ar thorthaí gearrthéarmacha an chomhair, ach ar thorthaí fadtéarmacha an chomhair freisin.

Na páirtithe leasmhara lena mbaineann

Go ginearálta, is ó rialtais a thiofadh an spreagadh foriomlán do thionscadail chomhair. Dá bhrí sin, beidh siad ag iarraidh glantairbhe fhoriomlán a bhaint amach ón gcomhar (lena n-áirítear na comhpháirteanna sócmhainne go léir). I gcás fhormhór na dtionscadal comhair trasteorann, is féidir glacadh leis freisin gurb iad na Ballstáit nó na tríú tíortha a íocfaidh na costais is airde agus a bhfaighidh formhór na dtairbhí. Dá bhrí sin is iadsan na páirtithe idirbheartaíochta nádúrtha agus déanfaidh siad ionadaíocht dá bpáirtithe leasmhara mar réamhshocrú.

Cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag an tionscadal comhair ar líon níos mó páirtithe leasmhara, is dócha nach mbeidh tionchar mór aige ag ach cúpla páirtí leasmhar. Is iad na príomhpháirtithe leasmhara a mbíonn tionchar ag tionscadail chomhair orthu Ballstáit/tríú tíortha (a dhéanann ionadaíocht dá gcuid saoránach, i.e. tomhaltóirí leictreachais), forbróirí sócmhainní giniúna, CTOanna nó tionscnóirí tionscadail bonneagair eile (e.g. i gcás tionscadal hibrídeach agus uaireanta i gcás tionscadal gathacha amach ón gcósta) agus ÚNRanna. Moltar freisin go mbeidh an tsochaí shibhialta rannpháirteach go réamhghníomhach agus go luath in ullmhú na dtionscadal comhair.

Chun an idirbheartaíocht a shimpliú agus chun na costais bheartaíochta a choimeád íseal, ba cheart do na páirtithe comhoibritheacha, áfach, líon na bpáirtithe a mbeidh baint acu leis an idirbheartaíocht iarbhír a choimeád chomh híseal agus is féidir, go háirithe i gcás suíomhanna nach bhfuil chomh casta céanna. Ba cheart go mbeadh ionadaithe ó na rialtais náisiúnta páirteach de ghnáth. Is féidir páirtithe leasmhara náisiúnta eile a chur san áireamh go díreach san idirbheartaíocht nó i bpróisis chomhthreomhara ar an leibhéal náisiúnta.

Féadfar páirtithe leasmhara eile, mar shampla, a chur san áireamh má shroicheann siad tairseach áirithe, e.g. céatadán áirithe de na glanchostais iomlána. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag an tionscadal comhair ar pháirtithe leasmhara i dtíortha tríú páirtí agus d'fhéadfadh sé go gcaithfí iad a chur san áireamh sa phróiseas.

Breithnithe maidir le costais tacaíochta agus staidreamh RES a roinnt

Beidh ar na páirtithe comhoibritheacha teacht ar chomhaontú faoi shásra comhroinnte trína leithdháilfear na gnóthachain ón gcomhar. Beidh samhlacha um chomhroinnt costais is tairbhí difriúil den chuid is mó ag brath ar an dóigh a ndéileálfadh siad leis na costais tacaíochta.

I bhformhór na gcásanna comhair, roinnfear na costais tacaíochta idir an tír is ceannaitheoir nó an tír ranníocach agus an tír óstach, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh cásanna ann freisin ina n-íocfaidh an tír ranníocach na costais tacaíochta go haontaobhach. Más suim leis an stát óstach cuid de staidreamh RES a choinneáil lena sprioc féin a bhaint amach, d'fhéadfadh an stát ranníocach agus an stát óstach comhaontú a dhéanamh chun cion a chur i leith na gcostas tacaíochta araon. Chun cúiteamh a thabhairt don tír óstach as aon chostais a thabófar ar bhonn áitiúil, e.g. costais chomhtháthaithe córais, chaithfí na scaireanna na RES a gheobhadh sé bheith níos mó sciar na gcostas tacaíochta a thug sé. Ar an lámh eile, is féidir tairbhí a thabhaítear go háitiúil a mheas, mar shampla tairbhí maidir le cinnteacht an tsoláthair.

Cur chuige pro rata

Lena mhéid a chuireann an páirtí ranníocach leis na híocaíochtaí tacaíochta sainmhínítear an sciar den staidreamh RES atá á aistriú ansin. De réir an chur chuige pro-rata sin, aistreofaí leath den sprioc-staidreamh RES freisin do Bhallstát a íocann leath de na costais tacaíochta. Féadfar é sin a choigeartú i gcás ina bhfuil táscairí costais nó tairbe eile ann a mheasann na páirtithe comhoibritheacha a bheith suntasach.

Cur chuige préimhe aistrithí seasta

De rogha air sin, d'fhéadfadh sé a bheith níos áisiúla do thíortha comhoibritheacha teacht ar chomhaontú maidir le praghas aistrithe. Chiallódh sé sin go gcuirfeadh an Ballstát óstach préimh sheasta leis an aonad staidrimh maidir le fuinneamh inathnuaite aistrithe, e.g. € in aghaidh an kWh, chun a chostais (indíreacha) a ghnóthú. Bheadh an phréimh le híoc ag an mBallstát is ceannaitheoir nó go díreach ag forbróir an tionscadail agus d'fhéadfadh sí a bheith bainteach go sonrath le teicneolaíocht freisin.

Tarchur fisiciúil i gcomparáid le tarchur fíorúil leictreachais i dtionscadail chomhair

Is féidir idirdhealú a dhéanamh freisin idir tionscadail chomhair i dtaobh an bhfuil tarchur fisiciúil leictreachais arna tháirgeadh ag teastáil ina leith nó nach bhfuil. Go suntasach, d'fhéadfadh sé go gceapadh tíortha ar mhaith leo a slándáil fuinnimh fhadtéarmach a mhéadú go bhfuil tarchur fisiciúil tarraingteach. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí formhuiniú poiblí an tionscadail chomhair sa tír is ceannaitheoir a mhéadú leis agus an tionscadal a dhéanamh níos 'inbhraite'. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh tarchur fisiciúil ina rogha i gcónaí toisc go mbaineann dúshláin theicniúla shonracha leis, rud a éilíonn idirnasc dhóthanach agus bonneagar eangaí idir na tíortha comhoibritheacha. D'fhéadfadh sé a bheith casta má éilítear tarchur fisiciúil leictreachais nuair nach bhfuil na tíortha comhoibritheacha ina gcomharsana toisc go gcaithfear tíortha eile a chur san áireamh i ndearadh agus in idirbheartaíocht an chomhair. Dá bhrí sin, ceapann go leor tíortha go bhfuil sé níos éasca gan tarchur fisiciúil leictreachais a éileamh. Argóint eile i bhfabhar gan tarchur fisiciúil a éileamh is ea go bhfuil margaí leictreachais na hEorpa ag éirí níos fite fuaite trí chúpláil an mhargaidh. Sa loighic sin, d'fhéadfadh tarchur fisiciúil cur isteach ar phrionsabail an mhargaidh inmheánaigh leictreachais i.e. an úsáid is éifeachtúla a bhaint as cumais trasteorann. Maidir le tionscadail chomhphárteacha le tríú tíortha, ba cheart a thabhairt faoi deara go gceanglaítear le RED Airteagal 11 go mbeidh acmhainn dhóthanach idirnasc ann chun go n-áireofaí an leictreachas arna tháirgeadh i sciar fuinnimh inathnuaite an Bhallstáit²³.

²³ Féach go háirithe na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 11.2 a) agus (c) de Threoir (AE) 2018/2001.

Coinníollacha teorann

Tá roinnt tosca ann a imríonn tionchar mór ar dháileadh costas agus tairbhí i dtionscadail chomhair RES agus ní mór iad a chur san áireamh. Aon choinníollacha teorann a bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú an tionscadail agus ar a leabú sa chóras fuinnimh i gcoitinne, ní mór iad a shonrú, toisc go mbeidh tionchar acu ar tháscairí costais is tairbhe.

Sásra comhair agus íocaíochtaí tacaíochta: Chomh maith leis an sásra comhair a roghnaítear, ceann de na príomhrialacha is ea an costas féideartha le haghaidh íocaíochtaí tacaíochta. Cé gur féidir faillí a dhéanamh i gcostais tacaíochta ó dhearcadh sochaíodh toisc nach bhfuil iontu ach aistriú ó pháirtí amháin go páirtí eile (e.g. ón rialtas go dtí an forbróir), tagann siad isteach sa scéal nuair a phleanáiltear aistriú scaireanna RES.

Córas um roghnú láithreáin agus um nasc eangaí: Tá tionchair mhóra ag an bpróiseas maidir le láithreáin a roghnú agus ag an gcóras nasctha eangaí ar dháileadh tosaigh costas agus tairbhí agus ar an ngá atá le cúiteamh freisin, toisc go n-íocfaidh CTOanna na costais ghaolmhara agus go mbeidh siad le feiceáil i dtaraifí eangaí, nó go gcuirfear san áireamh iad sa tairiscint i gceant agus go maoinofar iad ón scéim tacaíochta agus, dá bharr sin, agus ó íocóirí tobhaigh iad. Tá impleachtaí aige sin ar an bpáirtí a bheidh le cúiteamh.

Cineál íocaíochta tacaíochta: Ag brath ar chineál na híocaíochta tacaíochta, i.e. préimh sheasta, préimh aistritheach, bíonn costais tacaíochta RES soiléir ón tús nó braithfidh siad ar fhorbairt praghsanna an mhargaidh leictreachais sa tír óstach nó sna tíortha arna gcomhaontú ag na páirtithe comhoibritheacha. D'fhéadfadh íocaíochtaí a bheith difriúil freisin idir gléasraí aonair atá ina gcuid den chomhthionscadal má bhronntar rátaí tacaíochta difriúla. Ní mór na difríochtaí sin a chur san áireamh agus na luachanna maidir le staidreamh RES á leithdháileadh.

Cur chun feidhme praiticiúil na comhroinnte costais is tairbhe

I bhFíor 1 tugtar forléargas ar na céimeanna nithiúla chun an chomhroinnt costais is tairbhe a chur chun feidhme maidir le tionscadail chomhair a dhírítear ar shócmhainní giniúna. Tugtar míniú níos mionsonraithe orthu sin sna ranna seo a leanas.

Oiriúnú CBA

- Costais tacaíochta a chur in ionad na gcostas giniúna
- D'fhéadfaí costais agus tairbhí ábhartha breise a chur leis

Costais agus tairbhí a leithdháileadh ar na tíortha lena mbaineann

- Costais agus tairbhí a roinnt idir tíortha ag brath ar ghnéithe amhail i gcás ina mbaintear amach suiteáil/suiteálacha

Costais a leithdháileadh ar an aonad fuinnimh a tháirgtear

- Achoimre a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí le haghaidh gach tíre
- An tsuim a leithdháileadh ar an nginiúint ionchasach leictreachais ón tsuiteáil nó ó na suiteálacha i ngach tír chun 'costas' an fhuinnimh in-athnuaite a fháil

Comhaontú maidir le leictreachas agus praghas aistriithe (€/kWh) an aistriithe chuig an tír eile

- Bunaithe ar mheasúnú roimhe seo
- Neamhchinnteachtaí a bhreithniú

Aistriithe airgeadais a institiúidiú

- Tionchair ar pháirtithe leasmhara éagsúla a bhreithniú
- Institiúidí agus próisis oiriúnacha a shainaithint

Fíor 1 Céimeanna i gcomhroinnt costais is tairbhe maidir le sócmhainní giniúna

Céim 1: Dul siar ar an CBA bunaidh a

Tá CBA sochaíoch críochnúil ina réamhriachtanas chun costais agus tairbhí a leithdháileadh idir na Ballstáit agus páirtithe eile. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nár leor é mar bhonn chun a ndáileadh a idirbheartú. Mar sin, caithfear dul siar ar an CBA agus síneadh a chur leis. Imeoidh na tíortha comhoibritheacha ó liosta na gcostas agus na dtairbhí arna sainaitheint sa CBA agus cuirfidh siad costais tacaíochta leis. Beidh orthu a bhreithniú an gcuirfear tuilleadh táscairí costais agus tairbhe leo a mbeidh tionchar acu ar dháileadh tosaigh na gcostas agus na dtairbhí in aghaidh gach páirtí leasmhair a athmheasfar.

Chun comhleanúnachas a choinneáil leis na mórífreachtaí arna sainaitheint, ba cheart go dtógfáí roinnt na gcostas agus na dtairbhí ar an CBA a mhéid is féidir agus go gcoinneofaí na príomhchoinníollacha teorann. Mar gheall ar chúiseanna teicniúla nó rialála agus sonraí suiteála an tionscadail, leithdháilfear costais agus tairbhí ar pháirtí amháin nó ar an bpáirtí eile ar dtús. Beidh na glanchostais agus na glantairbhí sin in aghaidh gach páirtí leasmhair a shainaitheofar sa CBA ina dtúsphointe d'aon bhreithnithe eile. Nuair a bheidh tuiscint acu ar leithdháileadh tosaigh na gcostas agus na dtairbhí, ní mór cur chuige comhordaithe maidir lena n-ath-leithdháileadh a chomhaontú idir na páirtithe uile lena mbaineann, agus beidh sé faoi gach tír chomhoibritheach í féin costais náisiúnta a ath-leithdháileadh de réir sainiúlachtaí náisiúnta.

Liostaítear sa tábla seo a leanas táscairí costais is tairbhe, na páirtithe lena mbaineann agus conas a d'fhéadfaí iad sin a choigeartú nó a thabhairt isteach ag bogadh ó CBA go comhroinnt costais agus is tairbhe. An cur chuige is simplí ná imeacht ón CBA bunaidh agus costais tacaíochta a chur in ionad na gcostas giniúna.

Táscaire costais is tairbhe	Páirtí lena mBaineann	Tionchar
Caiteachas caipitil agus caiteachais oibriúcháin (CAPEX/OPEX) na giniúna	Forbróirí sócmhainní giniúna	Is é an forbróir sócmhainní giniúna a íocann CAPEX/OPEX as giniúint ar dtús agus déantar iad a athmhaoiniú de ghnáth trí ioncam margaidh agus/nó íocaíochtaí scéime tacaíochta.
Ioncam margaidh	Forbróirí sócmhainní giniúna	Ag brath ar an socrú margaidh, saothróidh an forbróir ioncam ón margadh leictreachais.
Íocaíochtaí tacaíochta	Stáit / Forbróirí sócmhainní Giniúna	Is gnách go mbaineann saoráidí fuinnimh inathnuaite leas as íocaíochtaí tacaíochta. I bprionsabal, bíonn córas maoiniúcháin an Stáit ina bhfuil an gléasra suite i bhfeidhm. Ní ionann éifeacht athdháilte bunaithe ar an margadh agus comhroinnt fhéideartha na n-íocaíochtaí tacaíochta idir na Ballstáit, ach is

		cinneadh bunúsach é faoi chuimsiú an chur chuige comhair.
Baint Amach sprioc RES	Na Ballstáit	Ar dtús, leithdháilfear baint amach sprioc ROS ar an mBallstát ina bhfuil an gléasra suite. Amhail íocaíochtaí tacaíochta, beidh idirbheartaíocht idir na Ballstáit maidir le baint amach sprioc RES a leithdháileadh i bhfoirm staidreamh RES.
Éifeachtaí praghais leictreachais (praghas margaidh mórdhíola)	Stáit	D'fhéadfadh tionchar a bheith ag tionscadail chomhair ar phraghsanna leictreachais sna críosanna tairisceana lena mbaineann. Bíonn tionchar aige sin, dá réir sin, ar na praghsanna leictreachais do thomhaltóirí. Cé nach dócha go gcúiteofar na héifeachtaí sin, d'fhéadfadh sé a bheith mar chuid de na cúinsí polaitiúla le haghaidh tionscadal comhair.
Astaíochtaí CO2 agus astaíochtaí eile	Stáit	Athruithe ar leibhéil astaíochta CO2 agus neamh-CO2 mar gheall ar an tionscadal comhair.
Acmhainneacht RES a úsáid	Stáit	D'fhéadfadh sé nach mbeadh an acmhainn chéanna ar fáil don Stát ina bhfuil an tsaoaráid um chomhar chun an sprioc intíre a bhaint amach.
Iarchur infheistíochta acmhainne breise táirgthe RES	Stáit	Tionscadail eile (baile) a chur siar mar gheall ar dhul isteach sa tionscadal comhair.
Éifeachtaí breise	Stáit	D'fhéadfadh tionchair eile a bheith ann, amhail éifeachtaí mhargadh an tsaothair, éifeachtaí comhshaoil, éifeachtaí ar buálaíocht, etc. Ag brath ar a gcineál, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair na héifeachtaí breise sin a chainníochtú, ach d'fhéadfadh ról a bheith aige san idirbheartaíocht pholaitiúil.
Caiteachas caipitil agus caiteachais oibriúcháin	CTOanna	I bhformhór na gcásanna, is iad CTOanna atá i gceannas ar réamh-mhaoiniú na sócmhainne bonneagair,

(CAPEX/OPEX) maidir le bonneagar		lena n-áirítear nasc le neart ar an talamh agus ar an gcladach. Áirítear ar CAPEX/OPEX le haghaidh bonneagar idirnascaire agus costais a d'fhéadfadh a bheith ag baint le nascadh na heangaí. Déantar iad a leithdháileadh ar dtús ar CTO amháin nó níos mó, déantar iad a athmhaoiniú trí chíosanna ó phlódú agus trí mhuirir líonra sna criosanna/tíortha tairisceana faoi seach.
Cíosanna ó phlódú	CTO	Ag brath ar an socrú margaidh, d'fhéadfadh sé go mbeadh tuilleadh ó chíosanna ó phlódú ann.
Athsheoladh breise nó cúlchiste athsheolta	CTO	Féadfaidh CTO na athsheoladh a mhéadú nó a laghdú mar thoradh ar an tionscadal comhair. Gnóthaíonn an CTO na costais athsheolta trí tharaifí eangaí.
Éifeachtaí breise, amhail éifeachtaí ar sholúbthacht an chórais nó iarchur infheistíochta an bhonneagair	CTO	Éifeachtaí dearfacha nó diúltacha ar sholúbthacht an chórais nó ar éifeachtaí amhail athneartú bonneagair a chur siar.

Chun an idirbheartaíocht maidir le comhroinnt costais is tairbhe a shimpliú, ba cheart do na páirtithe caibidlíochta féachaint le liosta na dtáscairí atá le cur san áireamh i gcomhroinnt na gcostas agus na dtairbhí a choinneáil ag méid soláimhsithe. Is iad na táscairí is tábhachtaí maidir le tíortha comhoibríochas costais tacaíochta chomh maith le staidreamh RES. Tá sé de shairse ag páirtithe comhoibríochas tionchair bhreise a chur san áireamh nó topaic a dhéanamh díobh san idirbheartaíocht ar eagla go gceapfaidís go mbeidís suntasach ó thaobh tionchair nó tábhacht pholaitiúil de.

Céim 2: Costais agus tairbhí a leithdháileadh ar na tíortha lena mbaineann

Sa chéad chéim eile, leanfaidh na tíortha comhoibríochas ar aghaidh leis na costais agus na tairbhí uile a leithdháileadh eatarthu féin, lena n-áirítear na costais tacaíochta, de réir thorthaí an CBA agus ag brath go príomha ar an áit a mbeidh na suiteálacha RES bainte amach/lonnaithe (agus an tír óstach a sheasfaidh formhór na dtionchar indíreach). Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh tionchar ag fadhbanna ó phlódú eangaí ar tíortha eile nach tíortha óstacha ná tíortha is ceannaitheoirí iad. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfaí an comhaontú um chomhroinnt costais is tairbhe a leathnú chuig na tíortha sin.

Tá tionchar láidir ag roghnú na scéime tacaíochta ar chineál riail an leithdháilte. Is féidir le tíortha comhair aontú go gcruthóidh siad a comhchiste/comhscéim nó ceann de scéimeanna tacaíochta náisiúnta na stát comhoibríochas a leathnú chun sreafaí íocaíochta tacaíochta i

gcomhair an tionscadail comhair a riar agus praghas aistrithe a chur ar bun mar chúiteamh. I gcás comhscéim tacaíochta, bunóidh tíortha comhoibritheacha a comhchiste go nádúrtha. Os a choinne sin, is gnách go bhfaightear cúiteamh i gcomhair aistrithe staidrimh agus tionscadail chomhpháirteacha trí mheán praghsanna aistrithe. Beidh ar na rialtais teacht ar chomhaontú faoi an leithdháilfear na suiteálacha nua go léir ar aon tír amháin ar dtús, nó an ‘ndáilfear’ iad de réir na tíre a sheasfaidh na costais tacaíochta. Tagann deacracht bhreise chun cinn i gcás nár cinneadh suíomh deiridh na suiteálacha go fóill, agus sa chás sin ní féidir an leithdháileadh deiridh a dhéanamh ach amháin nuair a dhéantar an tairiscint. In aon chás, is inmholta é go mbeidh téarmaí ginearálta an leithdháilte ex-ante aontaithe ag na rialtais cheana féin agus go ndéanann siad coigeartú ex-post.

Céim 3: Leithdháileadh na gcostas ar na haonaid fuinnimh arna tháirgeadh

Ag tógáil ar CBA lenar bunaíodh an t-aschur iomlán ionchasach i dtéarmaí an fuinnimh a táirgeadh (in GWh), leanfaidh na stáit chomhoibritheacha ar aghaidh leis na costais a leithdháileadh ar aonaid fuinnimh arna tháirgeadh. Ar an gcéad dul síos, beidh orthu achoimre a dhéanamh ar na costais agus ar na tairbhí go léir do gach ceann de na páirtithe comhoibritheacha, as a dtiocfaidh glantairbhe /glanchostas iomlán in aghaidh na tíre. Is é an chéad chéim eile an tsuim sin a leithdháileadh ar an nginiúint ionchasach leictreachais ón tsuiteáil nó ó na suiteálacha i ngach tír chun ‘costas’ a fháil in aghaidh an aonaid den fhuinneamh inathnuaite arna tháirgeadh. D’fhéadfadh na stáit chomhoibritheacha glacadh le meánchostais in aghaidh na suiteála.

Céim 4: Comhaontú maidir le staidreamh fuinnimh inathnuaite a aistríodh chuig an tír eile agus praghas aistrithe (€/kWh)

Sa chéad chéim eile, ba cheart do na Ballstáit méid an leictreachais aistrithe agus an phraghais in aghaidh an kWh a aistrithe a shocrú ansin. D’fhéadfadh an t-aistriú tarlú go fisiciúil nó ar bhealach fíorúil amháin, trí staidreamh RES. Ríomfar an praghas aistrithe bunaithe ar shuim iomlán ionchasach an leictreachais a ghinfear. Soláthraítear léiriú maith le ríomh an phraghais aistrithe ar an méid iomchuí, ach tá roinnt scóip ag na stáit chomhoibritheacha chun dul i mbun idirbheartaíochta a thugtar le coigilteas costais an chomhair.

Féadfaidh na Ballstáit a ghlacann páirt in aistriú staidrimh a chomhaontú cineálacha éagsúla conarthaí a úsáid, amhail comhaontuithe ex-post, comhaontuithe ex-ante ar an láthair nó conarthaí rogha. Is féidir meascáin de na cineálacha conarthaí sin a dhéanamh freisin agus d’fhéadfaí rioscaí don dá pháirtí a mhaolú leo. Ní mór praghas aonaid a idirbheartú, ag imeacht ó na praghsanna tacaíochta tagartha intíre do theicneolaíochtaí éagsúla fuinnimh inathnuaite agus ag cur costais bheartaíochta san áireamh chomh maith le costais ionchasacha um neartú eangaí. Dealófar tairbhí indíreacha don tír óstach.

Tá sé tábhachtach a admháil freisin go mbeidh méid áirithe éiginnteachta ann i gcónaí maidir leis an anailís ex-ante ar thionscadail chomhair trasteorann nach féidir a dhíothú. Féadfaidh na páirtithe déileáil le héiginnteacht ar bhealaí éagsúla agus is féidir iad a mhaolú trí anailís íogaireachta agus seiceálacha stóinseachta. I gcásanna comhair nach bhfuil chomh casta sin, féadfaidh tionscnóirí tionscadail a chinneadh glacadh díreach leis an éiginnteacht agus leis na difríochtaí idir na costais agus na tairbhí a eascraíonn aisti agus féadfaidh siad ranníocaíocht ex-ante a idirbheartú ar bhonn polaitiúil. I gcásanna comhair atá níos casta agus níos cuimsithí,

tá sé inmholta, áfach, clásal athbhreithnithe a chur sa chomhaontú comhair ar féidir le páirtí amháin nó ceachtar de na páirtithe é a ghníomhachtú chun féachaint athuair ar roinnt na gcostas agus na dtairbhí i gcás imeachtaí suntasacha. Féadfar é a spreagadh, mar shampla, má shroicheann imeachtaí tairseach chomhaontaithe. Is é an tríú rogha rialacha um chomhroinnt a shainiú maidir le cúiteamh a d'fhéadfadh, mar shampla, a bheith ag brath ar na costais tacaíochta iarbhír is gá de réir mar a chinnfí iad ar bhonn ex-post.

Céim 5: Aistrithe airgeadais a institiúidiú

Ar deireadh, ní mór teacht ar chomhaontú idir na páirtithe comhoibritheacha maidir le modhanna aistrithe airgeadais. I dtéarmaí 'airgeadra', d'fhéadfadh an cúiteamh a bheith i bhfoirm íocaíochtaí airgid nó aistriú staidrimh RES. Cé go dtugtar cúiteamh idir CTONna trí íocaíochtaí airgid thirim de ghnáth, féadfaidh stáit a roghnú cúiteamh a fháil in airgead tirim, in aistrithe staidrimh nó i meascán den dá rud.

Cé go bhfuil sé costasach comhchiste a bhunú le haghaidh íocaíochtaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé dul chun tairbhe do chomhroinnt na rioscaí idir na stáit rannpháirteacha agus ar an dóigh sin riosca aonair gach ceann acu a laghdú, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina bhuntáiste nósanna imeachta a chúchóiriú, go háirithe i gcás níos mó ná dhá pháirtí comhoibritheacha agus tionscadail chomhair leantacha lena bhfuil paraiméadair chomhchosúla. I gcás ina gcuirtear comhchiste ar bun, ba cheart go mbeadh na híocaíochtaí leis i gcomhréir le comhroinnt méid sprice RES agus le leithdháileadh na gcostas agus na dtairbhí. In aon chás, d'fhéadfadh sé a bheith tairbhíúil pointí teagmhála aonair a cheapadh le haghaidh aistrithe den sórt sin.

Samplaí den chomhar

Sampla 1: Aistriú Staidrimh

Breithnigh dhá Bhallstát (Ballstát A agus Ballstát B) a d'aontaigh go n-úsáidfidh siad sásra aistrithe staidrimh. Táthar ag súil go mbeidh barrachas fuinnimh in athnuaite ag Ballstát A (an tír dhíola) mar gheall ar an acmhainneacht mhór hidreachumhachta agus gaoithe ar an gcladach agus gur mhaith leis an méid barrachais measta a dhíol. Is iad na príomhchuspóirí atá leis, mar sin, cur le costais an táirgthe áitiúil RES a chumhdach agus an t-ualach ar thomhaltóirí leictreachais intíre a laghdú. Tá bunús dlí náisiúnta ann chun aistrithe staidrimh a úsáid - is é seo an chéad uair a n-úsáidfí é i ndáiríre. Níl Ballstát B (an ceannaitheoir) ar an mbóthar ceart lena spriocanna náisiúnta a bhaint amach agus a chuid acmhainní dílse á n-úsáid aige amháin agus chuimsigh sé úsáid na n-aistrithe staidrimh sa reachtaíocht náisiúnta agus i bpríomhdhoiciméid straitéiseacha ag súil go mbeidh air dul i muinín na spriocanna sin lena spriocanna náisiúnta RES a chomhlíonadh.

Chun an tslándáil phleanála a mhéadú, roghnaíonn an dá Bhallstát praghas an aistrithe a shocrú ex-ante agus íosmhéid fuinnimh inathnuaite a thrádáilfear a shocrú. Tá Ballstát A sásta dul i mbun an chomhaontaithe seo toisc go bhfuil sé ar an mbóthar ceart chun a sprioc intíre féin RES a róchomhlíonadh go suntasach agus is cinnte go mbainfidh sé barrachas RES amach.

Maidir le comhroinnt costais is tairbhe, is iad na costais tacaíochta na príomhchostais a bhreithneofar. Braitheann leibhéal na gcostas tacaíochta a bhreithneofar ar an úsáidtear meánchostais nó costais imeallacha agus cad iad na teicneolaíochtaí tagartha a úsáidtear.

Tá costais bheartaíocht ann freisin a eascraíonn as an gcomhar. Ós rud é gur féidir a bheith ag súil leis go mbeidh siad sin measartha beag agus go mbeidh siad roinnte go cothrom idir Ballstát A agus Ballstát B, d'fhéadfaí go ndéanfaí faillí iontu maidir leis an gcomhroinnt costais is tairbhe. Maidir le héifeachtaí indíreacha, d'fhéadfadh roinnt dul i bhfeidhm ar an tír óstach, amhail laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, costais chomhtháthaithe córais agus cinnteacht an tsoláthair, ach is féidir a dhíospóid an féidir iad sin a chur chun tairbhe don sásra comhair toisc gur thabhaigh Ballstát A barrachas RES cheana féin *sula* ndeachaigh sé isteach san aistriú staidrimh le Ballstát B. Dá réir sin, aontaíonn Ballstát A agus B réidh a fháil leis na héifeachtaí sin don chomhroinnt costais is tairbhe agus ní dhíríonn siad ach ar chostais tacaíochta.

